| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú i rith na seachtaine? | What did you do during the week? |
| **2.** | An maith leat obair tí a dhéanamh? | Do you like to do housework? |
| **3.** | An nglanann tú do theach gach lá? | Do you clean your house every day? |
| **4.** | An maith leat garraíodóireacht? | Do you like gardening? |
| **5.** | An bhfuil gairdín agat? | Do you have a garden? |
| **6.** | Cad a fhásann tú i do ghairdín? | What do you grow in your garden? |

| | ***Is Mise le Mess S1 E3*** **TG4** | ***It's Me With a Mess S1 E3*** **TG4** |
|---|---|---|
| **1.** | Is maith linn uileag teach deas glan, ach ní maith linn uileag glanadh. | We all like a nice clean house, but we don't all like cleaning. |
| **2.** | Déanaim *glantaireacht achan* lá, ach go fóill tá mo theach ina phrácás. | I clean every day. But my house is still a mess. |
| **3.** | Tá an áit bunoscionn. | The place is upside-down. |
| **4.** | Ach anois, tá cuidiú ar fáil. | But now, there is help to be had. |
| **5.** | Le Derena – Boladh bréan! | With Derena – "Foul smell!" |
| **6.** | Chí muid *luchógaí*. – Síle. | "We see rats!" – Sheila |
| **7.** | Tá mé iontach sásta leis sin. Amharc ar an difear. Yeah. – Agus Colleen. | "I'm very happy with that. Look at the difference. Yeah." – And Colleen. |
| **8.** | Sa tsraith seo, tá siad ag dul thart ar an tír, ag glanadh tithe agus ag tógáil croíthe. | In this series, they are going around the country, cleaning houses and lifting hearts. |
| **9.** | Go raibh maith agat. Go raibh maith agat féin. | Thank you. Thanks to you. |
| **10.** | Fáilte go – Is mise le *mess*! Is mise le *mess*! Is mise le *mess*! | Welcome to – It's me with a mess! It's me with a mess! It's me with a mess! |
| **11.** | Táimid i mBéal Feirste inniu le máthar atá iontach, iontach gnóthach. | We are in Belfast today with a mother who is very, very busy. |
| **12.** | Is mise Faoileán Uí Dhuifín. Is máthar mé sa gcéad dul síos. | I am Faoileán Duffy. I'm a mother first of all. |
| **13.** | Máthar iontach, iontach sona agus de ghnáth tá mé bródúil as mo theaghlach. | A very, very happy mother and X am proud of my family. |
| **14.** | Tá ochtar páiste agam féin agus m'fhear céile, Stiofán | I and my husband, Steven, have eight children. |
| **15.** | Is duine mé agus is maith liom a bheith ag glanadh. Ní shuím síos. | I am a person who likes cleaning, and I don't sit down. |
| **16.** | Deir m'fhear céile go bhfuil mé ... Ó sin Faoileán. Níl sí ábalta suí síos. | My husband says that … and I am not able to sit down. |
| **17.** | Tá sin fíor. Ní maith liom suí síos go fírinneach. | That is true. I really don't like to sit down. |
| **18.** | Tá sé doiligh agam suí síos. | It's hard for me to sit down. |
| **19.** | Cosúil le go leor máithreacha eile, déanann Faoileán dearmad uirthi féin. | Like a lot of other mothers, Faoileán forgets herself. |

| | | |
|---|---|---|
| **20.** | Tá aird de dhíth ar a seomra leapa. | Her bedroom needs attention. |
| **21.** | Seo an seomra leapa, áit ar chóir a bheith suaimhneach. | This is the bedroom, a place that should be peaceful. |
| **22.** | Agus cibé eachtra, tarlaíonn sé sa seomra seo, i bhfad i bhfad barraíocht. | And whatever activity there is, it happens in this room. Far too much. |
| **23.** | Ba mhaith liom an áit a shimpliú síos, go bhfuil níos mó spás ann agus go bhfuil mé ábalta amharc amach ar mo ghairdín. | I would like to simplify the place, so there will be more space and so I can look out at my garden. |
| **24.** | Tá an seomra leapa olc, ach tá seomra eile ina chíor thuathal. | The bedroom is bad, but another room is a total mess. |
| **25.** | Seo an garáiste agus mar a chí tú, tá an áit bunoscionn. | This is the garage and as you see, the place is upside down. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a dhéanann Derena, Síle agus Colleen? | What do Derena, Sheila and Colleen do? |
| **2.** | Cén chathair ina bhfuil na cailíní inniu? | In which city are the girls today? |
| **3.** | Cad a dhéanann Foileán? | What does Faoileán do? |
| **4.** | Cé hé Stiofán? | Who is Steven? |
| **5.** | Cé mhéad páiste atá ag Faoileán? | How many children does Faoileán have? |
| **6.** | An bhfuil Faoileán sásta lena teaghlach? | Is Faoileán happy with her family? |
| **7.** | An bhfuil an seomra leapa suaimhneach? | Is the bedroom peaceful? |
| **8.** | Cén seomra atá ina chíor thuathal? | Which room is a total mess? |